RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1309 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Aibreán 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha agus lena gceartaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe le haghaidh CERT agus CETFT

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 38:(2), Airteagal 47(1), Airteagal 55(6), Airteagal 76(2), Airteagal 94(5) agus (6) agus Airteagal 105 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ([2]) ón gCoimisiún, forlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.

(2) Foráiltear le Teideal IV, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2116 maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar idirbhearta na n-eintiteas sin a fhaigheann nó a dhéanann íocaíochtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcóras maoinithe ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), chun fáil amach an bhfuil idirbhearta atá mar chuid de chóras maoinithe an CERT curtha i gcrích agus déanta i gceart. Maidir le bearta atá mí-oiriúnach ó thaobh rialaithe *ex-post* de trí bhíthin seiceálacha grinnscrúdaithe ar dhoiciméid tráchtála, mar aon le bearta a bhaineann le híocaíochtaí a bhaineann le limistéar nó nach mbaineann le doiciméid tráchtála is féidir a bheith faoi réir grinnscrúdú, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme grinnscrúdú na n-idirbheart. De bhun Airteagal 46 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([3]), lena leagtar síos go gcumhdaíonn grinnscrúdú idirbheart an bhliain airgeadais CERT roimh thús na tréimhse grinnscrúdaithe, a ritheann gach bliain ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh na bliana ina dhiaidh sin, cumhdaíonn grinnscrúdú na n-idirbheart idirbhearta a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116. Chun trasdul rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le rialacha idirthréimhseacha lena n-eisiatar ó raon feidhme grinnscrúdú na n-idirbheart na bearta sin a díolmhaíodh roimhe seo le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([5]). Ós rud é nach raibh na bearta sin oiriúnach riamh le haghaidh grinnscrúdú a dhéanamh ar rialú idirbheart, ba cheart go mbeadh feidhm go cúlghabhálach ag an leasú seo ón 1 Eanáir 2023, dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, in Airteagal 40, an dara mír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ina liostaítear forálacha an Rialacháin Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 a leanann d'fheidhm a bheith acu, níor cuireadh san áireamh gur gá forálacha áirithe a bheith i bhfeidhm i gcónaí i ndáil leis an gcaiteachas arna thabhú agus maidir

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).".

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18).

le híocaíochtaí a dhéantar le haghaidh scéimeanna tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).suas go dtí an bhliain féilire 2022, agus an bhliain sin san áireamh, maidir le bearta a cuireadh chun feidhme faoi Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) Uimh. 228/2013 ([7]), (AE) Uimh. 229/2013 ([8]), (AE) Uimh. 1308/2013 ([9]) agus (AE) Uimh. 1144/2014 ([10]) go dtí an 31 Nollaig 2022, i ndáil le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh as oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 tar éis an 31 Nollaig 2022 agus go dtí deireadh na scéimeanna cabhrach sin, agus a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Chruthaigh sé sin bearna dhlíthiúil. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 40, an dara mír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a cheartú trí na forálacha lena mbaineann a chur leis an liosta. Ba cheart go mbeadh feidhm go cúlghabhálach ag an gceartú seo ón 1 Eanáir 2023, dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127:

"*Airteagal 39*

Forálacha idirthréimhseacha

1. I gcás ina nglacfaidh gníomhaireacht íocaíochta, a dhéantar a chreidiúnú de réir Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, freagracht as caiteachas nach raibh sí freagrach as roimhe sin, creidiúnófar í leis na freagrachtaí nua roimh an 1 Eanáir 2023.

2. Ní bheidh na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 faoi réir an chórais ghrinnscrúdú a bhunaítear le Teideal IV, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2116.".

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127

Sa chéad fhomhír d'Airteagal 40, an dara mír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán Comhairle (CE) Uimh. 247/2006 (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle. (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle (IO L 317, 4.11.2014, lch. 56).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

"(a) Airteagal 5, 5a, Airteagal 7(3) agus (4), Airteagal 10, Airteagal 11(1), an dara fomhír, Airteagal 11(2), Airteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagal 41(5) den Rialachán Tarmligthe sin, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu:

(i) an caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar le haghaidh scéimeanna tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i leith na bliana féilire 2022 agus roimhe sin;

(ii) le haghaidh beart a cuireadh chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2022 faoi Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013, (AE) Uimh.1308/2013 agus (AE) Uimh. 1144/2014;

(iii) le haghaidh na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 5(6), an chéad mhír, pointe (c) agus in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) i ndáil le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh d'oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tar éis an 31 Nollaig 2022 agus go dtí deireadh na scéimeanna cabhrach sin; agus

(iv) a mhéid a bhaineann le CETFT i ndáil le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta i gcreat chur chun feidhme clár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

(**) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Aibreán 2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN